Leathanach 1 / 3

Uimhir chlárúcháin na scoile: 668

Tír: EE

Uimhir an dalta sa bhunachar sonraí: 339

Péire teangacha: EN > GA

Túslitreacha ainm an dalta: LB

An bhliain a rugadh an dalta: 1998

Neart Cuideachta i Sierra Leone

Tá me anseo anois le deich lá anuas agus mé ag éirí cleachtaithe le saol iomlán difriúil. Tá an grúpa s'againne ag cur le chéile deascanna, cláir dhubha agus seilfeanna sna scoileanna. Nuair a bhí an eipidéim Ebola an-olc bhí ar an Rialtas cuid mhór de na scoileanna a dhruid agus ar an drochuair, rinneadh dochar do cuid mhór acu. Briseadh fuinneoga agus doirse agus goideadh an chuid is mó den troscán. Tá go leor le déanamh agus tá mé ag insint duit, obair mhaslach atá ann agus tú ina bhun ó cheann ceann an lae. Bíonn na cumainn charthanachta mhóra agus an AE ag obair as lámha a chéile ar chlár forbartha leanúnach agus tá an t-oideachas ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí ann agus mar sin de tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an scoil foscailte arís chomh luath agus is féidir.

Ar an uair mhaith tá croí na bpáistí istigh sa scoil (difir maith idir sin agus nuair a bhí mise ar an scoil bheag; an t-aon rud a raibh suim againn ann ná am sosa), agus mar sin de níl fadhb ar bith le daoine a bheith ag iarraidh fanacht ar shiúil. Ach mar sin féin má fhaigheann siad jabanna, bíonn

Leathanach 2 / 3

Uimhir chlárúcháin na scoile: 668

Tír: EE

Uimhir an dalta sa bhunachar sonraí: 339

Péire teangacha: EN > GA

Túslitreacha ainm an dalta: LB

An bhliain a rugadh an dalta: 1998

brú orthu coinneáil ag obair in áit a bheith ag foghlaim de bharr bhochtanais. Tá na pleánanna seo le baill a chur ar áiteanna mar chuid de chlár a thugann le chéile faoiseamh a bhunú agus forbairt. Tá páirt lárnach ag na scoileanna i scaipeadh eolais fá shláinteachas agus sin an fáth a gcaithimid oibriú go gasta. Creid é, nó ná creid, leis an aicíd a choinneáil síos agus gan ligean do scaipeadh ní bheidh cead ag páistí lámha leagadh ar a chéile fiú nuair a osclaíonn an scoil arís. Níl mé cinnte cén dóigh a mbeidh muid ábalta iad a choinneáil ón pheil, áfach.

Abhus anseo tá daoine gan seirbhísí bunúsacha le míonna anuas agus bá fadhb mhór le sláintíacht agus le soláthar uisce glan. Shíl mé gur ag tochailt toibreacha a bheimis nó rud inteacht mar sin, ach mhínigh eagraithe an tionscnaimh dúinn gur saineolaithe a dhéanann an obair sin i gcuideachta mhuintir na háite, agus gur bhfearr dúinne bheith i mbun rudaí a bhearfas le fios do dhaoine go bhfuil am níos fearr le theacht.

Tagann na daoine eile atá ag obair go deonacha ó achan

Uimhir chlárúcháin na scoile: 668

Tír: EE

Uimhir an dalta sa bhunachar sonraí: 339

Péire teangacha: EN > GA

Túslitreacha ainm an dalta: LB

An bhliain a rugadh an dalta: 1998

~~Áit~~ cheann den Eoraip agus is daoine galánta iad. Labhraítear Béarla den chuid is mó ach tá mé ag cleachtadh mo chuid Gearmáinise le scoláire ó Hamburg. Agus tá muintir na háite go hiontach. Tá a fhios agam go cluinimid i gconaí go bhfuil na daoine bochta sona sásta mar sin féin, ach caithfidh mé a rá go bhfuil siad chomh dearfach agus daingean sin ina n-intinn go gcruthéfaidh siad sad níos fearr dóibh féin agus do na daoine thart timpeall orthu agus go gcuireann ~~[illegible]~~ sé naire orm agus corraí fiú nuair a smaointím ar an méid gearán a dhéanann daoine sa bhaile agus an t-adh dearg orthu le taobh an mhuintir eile.

Tá an scoil ina bhfuil mé ag obair le foscladh i gceann trí seachtaine. Cha bhím ann lena fheicéal ach bhí duine de na múinteoirí ag inse dúinn go bhfuil cóisir ollmhór le bheith acu agus deárfainn go mbeidh am ar dóigh acu!